Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Eanáir 2024
(OR. en)

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0450(NLE)**
**2023/0451(NLE)**

**16003/1/23**
**REV 1**

**POLCOM 287**
**SERVICES 58**
**COASI 214**
**TELECOM 381**
**DATAPROTECT 363**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16001/23 + COR 1 + ADD 1 + ADD 1 COR 1<br>16002/23 + COR 1 + ADD 1 + ADD 1 COR 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le saorshreabhadh sonraí<br>- Glacadh<br>agus<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le saorshreabhadh sonraí<br>- Comhaontú i bprionsabal<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 26 Meán Fómhair 2022, d'fhormheas an Chomhairle treoracha caibidlíochta don Choimisiún chun a chaibidil go ndéanfaí forálacha maidir le sreafaí sonraí trasteorann a chur leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin[1]. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích i bprionsabal an 28 Deireadh Fómhair 2023.

[1] 12259/22 + ADD 1

2. An 1 Nollaig 2023, tharchuir an Coimisiún chuig Ardrúnaíocht na Comhairle tograí le haghaidh Cinntí ón gComhairle maidir le síniú[2] agus tabhairt i gcrích[3], thar ceann an Aontais, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin maidir le saorshreabhadh sonraí.

3. An 6 Nollaig 2023, scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe - Seirbhísí agus Infheistíocht) na tograí ón gCoimisiún le haghaidh an dá Chinneadh ón gComhairle agus d’fhormhuinigh sé iad an 19 Nollaig 2023, trí chomhairliúchán i scríbhinn, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– adopt the Decision on the signing of the said Protocol, as finalised by the legal-linguistic experts and set out in document 16004/23;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa; agus

– an comhaontú i bprionsabal maidir le téacs an chinnidh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 16005/23 agus in 16006/23 é, a dhearbhú agus a chinneadh an dréachtchinneadh maidir leis an tabhairt i gcrích a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

---

[2] 16001/23 + COR 1 + ADD 1 + ADD 1 COR 1
[3] 16002/23 + COR 1 + ADD 1 + ADD 1 COR 1